


# Spórt an tSathairn & Spórt an Lae

## DEIS URRAÍOCHTA

Gach Satharn agus Domhnach **14:00-17:59**

**Tá ríméad ar RTÉ deis a thairiscint den chéad uair riamh do bhrandaí urraíocht a dhéanamh ar chláracha spóirt deireadh seachtaine RTÉ Raidió na Gaeltachta. Faigh blaiseadh de scleondar an spóirt ar 'Spórt an tSathairn' agus 'Spórt an Lae', príomhchláracha spóirt RTÉ Raidió na Gaeltachta.**

Den chéad uair riamh, tá deis urraíochta á tairiscint ag na cláracha iomráiteacha seo, a bhfuil an-chion ag an lucht éisteachta orthu. Leis an urraíocht uathúil seo, déanfar brandaí a nascadh le lucht leanúna Gaelach atá dílis don spórt.

Á gcur i láthair ag Tomás Ó hAilín, agus á gcraoladh gach Satharn agus Domhnach idir 14:00 agus 18:00, bíonn na cláir lán go béal le faisnéis, tuairiscí, torthaí, anailís agus tráchtaireacht ar imeachtaí spóirt an lae - ón bpáirc peile áitiúil ag leibhéal na gclubanna contae, go dtí na mórócáidí ar ardáin idirnáisiúnta.

Is foinse lárnach iad na cláracha seo do dhuine ar bith a bhfuil spéis sa spórt acu, agus iad ag iarraidh a bheith cothrom chun dáta leis an nuacht agus leis an bplé is déanaí. Is cuma má tá spéis agat sa pheil, saniomáint, nó i spórt ar bith eile, beidh sé á phlé, le clúdach cuimsitheachagus sáranailís, ar Spórt an tSathairn agus ar Spórt an Lae.

### BEART URRAÍOCHTA

| | |
|---|---|
| **Satharn** (14:00-17:59): | 8 sting in aghaidh na seachtaine |
| **Domhnach** (13:50-17:59): | 6 sting in aghaidh na seachtaine |
| **Lomlán an spóirt deireadh seachtaine:** | 14 sting, idir Shatharn agus Domhnach |
| | 728 sting in aghaidh na bliana |

**TÁILLE URRAÍOCHTA:**
12 Mí **€70,000**

**Éist le Spórt an Lae anseo** (rte.ie)

**Éist le Spórt an tSathairn anseo** (rte.ie)

*Tá téarmaí agus coinníollacha i bhfeidhm, chomh maith le srianta catagóra. Caithfidh gach urraíocht a bheith faomhaithe ag Foireann Imréiteach Urraíochta RTÉ.*

RTÉ Media Sales #RTÉMediaSales

**Oscar Kennedy** - Agency Sales Manager
T: 086 809 6865 | E: oscar.kennedy@rte.ie